# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2016

# AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

# CLÁR


| | |
|---|---|
| **Réamhrá an Stiúrthóra** | **3** |
| **Misean** | **4** |
| **Feidhmeanna an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre** | **4** |
| **Saincheisteanna Suntasacha** | **6** |
| **Samplaí arna bhfáil le haghaidh Anailíse** | **7** |
| **An Clár um Alcól san Fhuil agus san Fhual** | **7** |
| **An Clár um Dhrugaí san Fhuil, san Fhual agus i Sreabhán Béil** | **11** |
| **An Clár um Alcól san Anáil** | **20** |
| **Finné Gairmiúil** | **24** |
| **Dearbhú Cáilíochta** | **24** |
| **Faisnéis Airgeadais** | **24** |
| **Rialachas Corparáideach** | **24** |
| **Saoráil Faisnéise** | **29** |
| **Soláthar Foirne** | **29** |
| **Comhdhálacha, Oiliúint & Láithreoireachtaí Seimineáir** | **31** |
| **Ídiú Fuinnimh** | **34** |
| **Séanadh Dlíthiúil** | **34** |

# Réamhrá an Stiúrthóra

Tá áthas orm an réamhrá seo a scríobh le Tuarascáil Bhliantúil 2016 de chuid an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre lena dtugtar roinnt de na forbairtí sa bhliain chun suntais. Leagtar amach achoimre leis an tuarascáil seo de ghníomhaíochtaí agus d'fheidhmíocht an Bhiúró agus an ról ríthábhachtach atá aige i Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre.

In 2016 b'ionann líon iomlán na samplaí a fuarthas agus a anailísíodh le haghaidh alcól san fhuil, san fhual agus san anáil agus le haghaidh drugaí san fhuil agus san fhual agus 9,140. B'ionann meánleibhéal de thiúchan alcóil san fhuil agus 119.6mg/100ml fola, 147mg/100ml fuail agus 48.6µg/100ml anála. Ba iad an dá aicme de dhrugaí meisciúla is leitheadúla a dearbhaíodh tar éis tástála ná aicmí cannabais agus beinsidhé-asaipín. Ba é an patrún déimeagrafach is mó i dtaca le samplaí ó thiománaithe a cuireadh isteach ná gur tháinig iad ó thiománaithe fireannacha níos óige fós. Chuir an Garda Síochána sé shampla fola ó thiománaithe éagumasacha ar aghaidh chuig an mBiúró le haghaidh anailísithe.

Lean an Biúró le hionstraimí agus gairis a fhaomhadh, a sholáthar agus a thástáil d'úsáid an Gharda Síochána agus sholáthair sé 5,800 pacaí le haghaidh samplaí fola agus fuail don Gharda Síochána ar fud na tíre.

Coinníodh creidiúnú ISO 17025 in 2016 maidir leis na tástálacha a leanas:
Anailís ar Alcól san Fhuil agus san Fual,
Anailís ar Channabas agus Beinsidhé-asaipín san Fhuil agus san Fhual,
Réamhthástáil agus Tástáil Fhianaiseach ar Anáil agus Réamhthástáil le haghaidh Drugaí.

Faoin raon feidhme solúbtha maidir le drugaí cuireadh tástála ar shreabháin uile leis an raon feidhme tar éis do mheasúnóirí agus don mheasúnóir teicniúil INAB measúnú iomlán a dhéanamh. Lean an Biúró le cúrsaí oiliúna a sholáthar d'oibreoirí agus do mhaoirseoirí maidir leis na 86 ionstraimí EvidenzerIRL i stáisiúin an Gharda Síochána agus bhí méadú 50% i líon na gcúrsaí sin i gcomparáid le 2015 agus 2014. Rinneadh Oibreoirí agus 103 Maoirseoirí a oiliúint.

Rinneadh an próiseas soláthair le haghaidh na gairis tástála ceimiceán cois bóthair le haghaidh drugaí atá ann cheana a athsholáthar a athbhreithniú in 2016 ar iarratas ón nGarda Síochána agus cuireadh tús le próiseas soláthair nua in 2016 agus leanfaidh sé sin ar aghaidh go 2017 le spriocdháta críochnaithe go luath in 2018.

Rinneadh ullmhúchán suntasach le haghaidh réamhthástáil le haghaidh drugaí cois bóthair agus bunaithe i Stáisiúin an Gharda Síochána a chur chun feidhme. Áiríodh leis sin stáisiúin an Gharda Síochána a dhéanamh réidh le haghaidh an gaireas Draeger Drugtest 5000 roghnaithe a shuiteáil, agus cúrsa oiliúna a réadtiomnú d'oiliúnóirí an Gharda Síochána maidir le húsáid an ghairis sin agus modhanna intí a fhorbairt maidir le feidhmíocht anailíseoirí a thástáil agus tástáil Stk. Rinneadh ullmhúchán domhain freisin le haghaidh leibhéil *per se* a thabhairt isteach maidir le drugaí áirithe in 2017. Déanfar na cláir sin a chur chun feidhme go luath in 2017 tar éis achtú an Achta um Thrácht ar Bhóithre 2016.

Tá an Biúró tiomnaithe do leanúint lena chuid oibre i gcomhar le ranna an Rialtais agus údaráis phoiblí agus leis an bpobal a úsáideann na bóithre freisin d'fhonn a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh faoin reachtaíocht um Thrácht ar Bhóithre agus d'fhonn a ról a chomhlíonadh mar an phríomhghníomhaireacht nó gníomhaireacht tacaíochta i Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre

***An tOllamh Denis A. Cusack,***
***Stiúrthóir.***

## Misean

Is é Misean an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre seirbhís fhóiréinseach náisiúnta ardchaighdeáin a sholáthar maidir le halcól/drugaí (substaint mheisciúil) a bhrath mar thaca le hoibriú éifeachtach na reachtaíochta um shábháilteacht ar bhóithre.

## Feidhmeanna an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre

Tá sé de fhreagracht an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre tástáil ceimiceán a dhéanamh ar shubstaintí mheisciúla maidir le tiomáint in Éirinn, atá ina chomhlacht corparáideach a bunaíodh i mí na Samhna 1968 ag an Aire Rialtais Áitiúil faoi Chuid V den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1968. Athraíodh teideal an Aire go dtí an Aire Comhshaoil & Rialtais Áitiúil an 22 Iúil 1997. I Meitheamh 2002 tháinig an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi choimirce an Aire Iompair faoin Ord um Aistriú Riaracháin Roinne agus Feidhmeanna Aire 2002. Ó 2011 ar aghaidh tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Leagtar feidhmeanna an Bhiúró síos sna hAchtanna um Shábháilteacht ar Bhóithre 1968 –2010 agus sna rialacháin lena mbaineann agus tá an méid a leanas san áireamh leo:

- Samplaí fola agus fuail a ghlacadh agus a anailísiú le haghaidh substaintí meisciúla arna gcur ar aghaidh chuig an mBiúró.
- Deimhnithe na hanailíse a eisiúint.
- Trealamh a sholáthar le haghaidh samplaí fola agus fuail a thógáil nó a sholáthar.
- Trealamh nó gaireas a fhaomhadh, a sholáthar agus a thástáil le haghaidh láithreacht alcóil san anáil a léiriú.
- Trealamh nó gaireas a fhaomhadh, a sholáthar agus a thástáil le haghaidh tiúchan alcóil san anáil a dhearbhú.
- Trealamh nó gaireas a fhaomhadh, a sholáthar agus a thástáil le haghaidh láithreacht drugaí i sreabhán béil a dhearbhú.
- Taighde ar ólachán agus ar dhrugaí maidir le tiomáint, lena n-áirítear na modhanna chun méid an alcóil nó drugaí a dhearbhú i gcoirp duine agus an eipidéimeolaíocht maidir le tiomáint faoi thionchar substaintí meisciúla.

Nuair a bunaíodh an Biúró i 1968 thosaigh sé ag feidhmiú maidir le Tástáil le haghaidh Alcóil Cois Bóthair, Anailís le haghaidh Alcóil san Fhuil agus san Fhual, Eisiúint Deimhnithe agus trealamh a sholáthar le haghaidh samplaí a thógáil (pacaí). Ón am sin rinneadh roinnt athruithe reachtacha amhail tástáil fhianaiseach ar alcól san anáil a thabhairt isteach, tiomáint faoi thionchar drugaí (DUID), samplaí arna gcur ar fáil in ospidéil, samplaí arna dtógáil ó thiománaithe a bhí rannpháirteach in imbhuailtí agus tástáil éigeantach le haghaidh alcóil. Bhí ar an mBiúró gach gné dá chuid oibre a fhairsingiú agus

a fhorbairt agus ag an am céanna ag díriú ar a chuid freagrachtaí dlíthiúla de réir mar atá leagtha amach sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre (RTA) agus de réir Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre. Faoi láthair tá roinnt clár agus seirbhísí ag feidhmiú ag an mBiúró agus is ionann iad agus: Anailís ar Alcól san Fhuil agus san Fhual; Anailís ar Alcól san Anáil; Anailís ar Dhrugaí san Fhuil agus san Fhual; Tástáil ar Sreabhán Béil: Taighde – Tiomáint faoi thionchar Substaintí Meisciúla; Finné Saineolaíoch Gairmiúil; Corparáideach/Airgeadas agus Dearbhú Cáilíochta.

Tá an Stiúrthóir freagrach as reáchtáil laethúil an Bhiúró. Tá an tArd-Anailísí, an tUasal H. Kearns freagrach as reáchtáil laethúil na saotharlann agus na gclár dá gcuid agus tá an Riarthóir Sinsearach, an tUasal T. Clarke freagrach as an gclár Corparáideach/Airgeadais agus as riarachán foriomlán laistigh den Bhiúró. Tá clárbhainisteoir ag gach clár ar leibhéal Príomh-Anailísí. Tá Bainisteoir Cáilíochta ceaptha ag an mBiúró. (féach an chairt eagraíochta).

Oibríonn an Biúró i dtimpeallacht eolas-bhunaithe agus bíonn sé ag brath ar an dtimpeallacht sin agus rinne sé a sheacht ndícheall i gcónaí chun coinneáil cothrom le dáta le teicneolaíocht agus na modhanna anailísithe is fearr a úsáid. Choinnigh sé suas le nuáil na hionstraimíochta sa réimse a bhaineann le halcól agus drugaí a bhrath sa tsaotharlann agus cois bóthair.

Ó bunaíodh an Biúró cothaíodh cáil ina leith maidir le macántacht fhóiréinseach den leibhéal is airde. Tá sé bunaithe le beagnach caoga bliain anois agus bhí sé in ann a chuid eolais agus taithí a dháileadh don fhoireann dá chuid, do chliaint agus do pháirtithe ábhartha eile trí bhíthin oideachais, oiliúna agus comhairle. Is é ceann de na fachtóirí rannchuiditheacha príomhúla maidir le hoibriú an Bhiúró agus baill oilte na foirne dá chuid atá fostaithe sa Bhiúró.

Soláthraíonn an Biúró seirbhís don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, do na Cúirteanna, don Gharda Síochána agus do dhlíodóirí cosanta agus ionchúisimh araon agus don phobal.

## Gnóthachtálacha & Forbairtí Suntasacha le linn 2016

***Sláinte agus Sábháilteacht***

Rinne an tÚdarás um Shláinte agus Sábháilteacht iniúchadh ar an mBiúró i Márta 2016, moladh an fhoireann as a tiomantas do shábháilteacht agus rinneadh athbhreithniú iomlán ar shábháilteacht sa Bhiúró mar thoradh air sin lenar áiríodh roinnt feabhsuithe sa réimse sin.

***Dearbhú Cáilíochta***

Rinneadh creidiúnú ISO 17025 a choimeád in 2016 maidir leis na tástálacha a leanas.

- Anailís ar Alcól san Fhuil agus san Fhual
- Tástáil Fhianaiseach ar Anáil
- Réamhthástáil ar Anáil
- Réamhthástáil le haghaidh Drugaí
- Cannabas san Fhuil agus San Fhual
- Beinsidhé-asaipín san Fhual

Faoin raon feidhme solúbtha cuireadh tástáil le haghaidh Drugaí i Sreabhán Béil leis an raon feidhme tar éis do mheasúnóirí INAB agus do mheasúnóir teicniúil measúnú iomlán a dhéanamh. Cuireadh iarratas ar shíneadh an raoin feidhme isteach d’fhonn Réamhthástáil le haghaidh drugaí le gaireas agus stk le haghaidh measúnaithe in 2017.

***An Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013 - 2020***

Dul chun cinn maidir le réimsí freagrachta laistigh de Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre go háirithe maidir le Tástáil Cois Bóthair le haghaidh drugaí a chur chun feidhme. Ghlac an Stiúrthóir, an tArd-Anailísí agus an Príomh-Anailísí (ceann Chlár na nDrugaí) páirt san athbhreithniú lár téarma ar straitéis RSA.

***Réamhthástáil le haghaidh Alcól san Fhuil***

Lean an Biúró le tacaíocht a thabhairt maidir le níos mó ná 1,000 gaireas Draeger 6510 a cuireadh ar fáil don Gharda Síochána i rith 2016.

***Tástáil Fhianaiseach ar Alcól san Anáil***

Lean an Biúró le tacaíocht a thabhairt maidir le ionstraimí Tástála Fianaisí ar Anáil i 86 Stáisiúin an Gharda Síochána ar fud na tíre agus sholáthair sé cúrsaí oiliúna le haghaidh Oibreoirí agus Maoirseoirí.

***Réamhthástáil le haghaidh Drugaí***

I Mí na Nollag rinneadh an tAcht um Thrácht ar Bhóithre a achtú. Bhí an Biúró gníomhach i ngrúpa reachtaíochta a raibh mar chúram acu an bille a fhoirmliú. Lean an Grúpa Feidhmithe le cumarsáidí le linn na bliana. Chonacthas go leor gníomhaíochtaí in 2016 maidir leis an gclár um Réamhthástáil le haghaidh Drugaí d’fhonn a chinntiú go mbeadh an tsaotharlann agus stáisiúin an Gharda Síochána réidh don dáta feidhmithe, rud a

bogadh roinnt uaireanta le linn 2016 agus faoi dheireadh bogadh an dáta ar aghaidh chuig 2017.

***Tástáil le haghaidh Drugaí le Scágthástáil Saotharlainne***
Lean an Biúró le modh nua um réamhthástáil le haghaidh drugaí a fhorbairt agus LC-MS-MS le haghaidh drugaí a anailísiú arna dtástáil leis an gcóras reatha chomh maith le haicmí breise.

***Sreabhán Béil***
Bhunaigh an Biúró saotharlann le haghaidh sreabhán béil a thástáil agus rinne sé modhanna GC-MS-MS agus LC-MS-MS a fhorbairt agus a bhailíochtú le haghaidh THC (Cannabas), cócaon, codlaidínigh agus Beinsidhé-asaipíní i sreabhán béil a anailísiú mar chuid de na hullmhúcháin le haghaidh córais um Thástáil Ceimiceán le haghaidh Drugaí Cois Bóthair a mheasúnú.

***Tástáil Deimhniúcháin le haghaidh Drugaí***
Rinne an Biúró dul chun cinn suntasach maidir le tástáil deimhniúcháin le haghaidh drugaí san fhuil a fhorbairt agus LC-MS-MS á úsáid agus rinneadh tástálacha deimhniúcháin a bhí ann cheana a leasú ionas go mbeadh siad réidh maidir le cur chun feidhme na leibhéal *per se* arna dtabhairt isteach san Acht um Thrácht ar Bhóithre 2016.

***Comhroinnt Eolais agus Forbairt***
Rinne foireann agus Stiúrthóir an Bhiúró láithreoireachtaí agus d'fhreastail siad ar a lán comhdhálacha, cruinnithe agus grúpaí oibre a bhain le hobair an Bhiúró. Rinne an Biúró grúpaí a óstáil ó ghníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta eile agus an aidhm ann saineolas a chomhroinnt. Lean beirt den fhoireann eolaíochta lena gcuid staidéar maidir le Céim Mháistir i dTocsaineolaíocht Fhóiréinseach i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus chuir siad a dtionscadail chun feidhme sa Bhiúró maidir le tástáil le haghaidh drugaí. Rinne an Biúró mac léinn idirbhliana a óstáil le haghaidh seachtaine.

## Samplaí arna bhfáil le haghaidh Anailíse


In 2016 rinneadh líon iomlán de 8,007 samplaí fola, fuail agus anála a anailísiú maidir le tiúchan alcóil. Ní raibh aon athrú suntasach ar líon na samplaí a rinneadh a thástáil le haghaidh drugaí nó alcóil ó 2015 go 2016.

**Tábla 1**

**Líon Iomlán na Samplaí a Fuarthas laistigh de Chláir**

| Clár | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| Alcól san Fhuil agus san Fhual | 3,019 | 3,077 |
| Tocsaineolaíocht um Fhuil agus Fual | 1,133 | 1,140 |
| Tástáil Fhianaiseach ar Anáil | 4,988 | 4,909 |

**Líon Iomlán na Samplaí ó Thiománaithe in 2016 faoi Chontae**



## An Clár um Alcól san Fhuil agus san Fhual

Bhí an rannóg seo faoi cheannas an Phríomh-Anailísí, an tUasal Susan Mc Donald. San áireamh le príomhfheidhmeanna an chláir seo tá an méid a leanas:

- Samplaí fola agus fuail a ghlacadh agus a anailísiú arna gcur ar aghaidh chuig an mBiúró
- Tiúchan alcóil a dhearbhú san fhuil agus san fhual maidir lena leithéid de shamplaí
- Deimhnithe na hanailíse a eisiúint
- Trealamh (Pacaí) a sholáthar le haghaidh a leithéid de shamplaí a thógáil
- Samplaí bréagacha a thástáil
- Cúnamh saineolaíoch a sholáthar do na Cúirteanna agus don DTTAS (An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt)
- Sonraí a bhailiú agus a anailísiú maidir le tástálacha le haghaidh alcóil



***Pacaí Fola agus Fuail a Sholáthar***

B'ionann líon na bpacaí le haghaidh samplaí a ullmhaíodh in 2016 agus 5,000 agus eisíodh 4,700 pacaí. Ba mhéadú é seo ar an mbliain roimhe mar gheall ar an athrú réamh-mheasta ar Reachtaíocht um Thrácht ar Bhóithre agus méadú ar an riachtanas le soláthar fola sna cásanna a bhaineann le tiomáint faoi thionchar drugaí.

**Pacaí arna nUllmhú sa Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | Líon | Líon |
| Pacaí Fola | 3,100 | 2,100 |
| Pacaí Fuail | 2,700 | 2,900 |
| Crúscaí | 2,800 | 2,800 |

**Pacaí arna nEisiúint don Gharda Síochána**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | Líon | Líon |
| Pacaí Fola | 3,200 | 1,800 |
| Pacaí Fuail | 2,500 | 2,000 |
| Crúscaí | 2,600 | 2,300 |

Choinnigh an Biúró cúlstoc de 500 ar a laghad de gach cineál paca i rith na bliana.

***Anailís ar Alcól san Fhuil agus san Fhual***

Déantar samplaí fola agus fuail a anailísiú agus Crómatagrafaíocht Gháis Idirspáis á húsáid le Brath Ianúcháin Lasrach (HSGC-FID). Déantar gach sampla a anailísiú dhá uair ar a laghad ag beirt eolaithe agus iad ag baint úsáid as dhá chóras HSGC-FID éagsúla. Ní foláir nó go mbíonn na torthaí aontaitheach sula ndéantar Deimhniú Anailíse a eisiúint.

Fuarthas líon iomlán de 3,019 samplaí fola agus fuail le haghaidh anailísithe le linn 2016. Fuarthas 1 sampla le haghaidh anailísithe le haghaidh drugaí amháin mar rinneadh an tiománaí a thástáil le haghaidh alcóil agus ionstraim um Thástáil Fhianaiseach ar Anáil á húsáid. Maidir le 85 cás (2.8%) ní dhearnadh deimhnithe a eisiúint mar gheall ar fhabht éigin sa sampla nó sa doiciméadúchán a bhí á thionlacan. Is ionann an leibhéal neamh-eisiúna sin agus méadú beag ar 2015. Tá líon na samplaí fola agus fuail a fuarthas in 2016 an-ghar don bhliain roimhe agus laghdú an-bheag de níos lú ná 2% ón líon a fuarthas in 2015.


***Líon na Samplaí arna gCur ar Fáil in Ospidéil***

In 2016 cuireadh 479 sampla ar fáil in ospidéil, agus is ionann sin agus 15.8% de líon iomlán na samplaí fola agus fuail. As an líon sin fuarthas leibhéal alcóil de 0mg/100ml i 262 sampla.


***Tiománaithe Neamhaireachtálacha***
Cuireadh 6 shampla ar aghaidh tar éis iad a thógáil ó thiománaithe neamhaireachtálacha.

***Meánleibhéal Alcóil san Fhuil agus san Fhual***
B'ionann an meánleibhéal alcóil san fhuil agus 125mg/100ml agus maidir le fual b'ionann é agus 144mg/100ml maidir le 2016, ach gan samplaí san áireamh nach raibh aon rian alcóil i gceist leo, áfach, b'ionann an meánleibhéal alcóil san fhuil agus 169mg/100ml agus maidir le fual b'ionann é agus 200mg/100ml.

***Anailís Ama***
Tá se níos dóchúla go gcuirfí samplaí fola agus fuail ar fáil sa tráthnóna go dtí uaireanta beaga na maidine de réir mar atá le feiceáil sa chairt thíos.




Tá sé dhá oiread níos dóchúla (ar an meán) go gcuirfí samplaí fola agus fuail ar fáil ag deireadh na seachtaine i gcomparáid le lá den tseachtain.




***Dhá Oiread Thar an Teorainn de 50mg/100ml (Fuil) nó de 67mg/100ml (Fual)***

Le linn 2016 rinneadh 1,586 samplaí a dheimhniú a bhí dhá oiread nó níos mó thar na teorainneacha sin. Is ionann an figiúr sin agus 52.5% de líon iomlán na samplaí a deimhníodh.

***Inscne na dTiománaithe a Sholáthair Samplaí Fola agus Fuail***

Chonacthas patrún cosúil sa chóimheas fireannach/baininscneach in 2016 i gcomparáid le blianta roimhe sin agus bhí 80% de na tiománaithe a sholáthair samplaí ina bhfir.

**Tábla 2**

**Próifíl Inscne na Samplaí – Fuil agus Fual**

| Inscne | 2016 | | 2015 | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon | (%) | Líon | (%) |
| Fireannach | 2431 | 80% | 2,497 | 81% |
| Baineannach | 562 | 19% | 561 | 18% |
| Ní Luaitear | 27 | 1% | 19 | 1% |


**Tábla 3**

**Próifíl Aoise na Samplaí - Fuil agus Fual**


| Próifíl Aoise | 2016 | | 2015 | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon | (%) | Líon | (%) |
| ≤ 24 | 658 | 21.8% | 675 | 22.0% |
| 25 – 34 | 856 | 28.4% | 825 | 26.8% |
| 35 – 44 | 652 | 21.6% | 654 | 21.2% |
| 45 – 54 | 418 | 13.8% | 449 | 14.6% |
| ≥55 | 422 | 14.0% | 457 | 14.9% |
| Ní Luaitear | 13 | 0.4% | 17 | 0.6% |

Ó Thábla 3 tá sé suntasach go léirítear le Próifíl Aoise na dtiománaithe a sholáthair samplaí fola agus fuail go bhfuil tiománaithe san aoisghrúpa 25 – 34 i measc an chéatadáin is mó de thiománaithe a dhéantar a ghabháil. Ach comhdhéantar líon suntasach le tiománaithe sna haoisghrúpaí ≤24 (17-24) agus 35-45 áfach.

**Próifíl Aoise na Samplaí a Fuarthas in 2016**





**PRÓIFÍL AOISE: CÉATADÁN NA SAMPLAÍ A FUARTHAS IN 2016**




Bhí beagnach 50% de na samplaí ó thiománaithe níos óige ná 34 bliana d'aois, agus bhí 72% acu níos óige ná 44 bliana d'aois.

**Próifíl Aoise faoi Inscne**




Nuair a dhéantar í a roinnt faoi inscne tá difríocht shuntasach sa treocht maidir le tiománaithe níos óige 0-24. Ba é seo an t-aoisghrúpa is lú dóchúlacht de shamplaí ó thiománaithe baineannacha le linn 2016.

**SAMPLAÍ Ó THIOMÁNAITHE BAINEANNACHA: CÉATADÁN FAOI AOIS**



Ní raibh ach 41% de thiománaithe baineannacha níos óige ná 34 bliana d'aois, agus seo i gcomparáid le 53% de shamplaí ó thiománaithe fireannacha.

**Tábla 4**

**Leibhéal Deimhnithe Alcóil san Fhuil – Comparáid leis an mBliain Roimhe**

| mg Alcóil/100ml Fola | 2016 | | 2015 | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon | (%) | Líon | (%) |
| 0 – 20 | 470 | 27.5% | 471 | 26.9% |
| 21 – 50 | 73 | 4.3% | 66 | 3.8% |
| 51 – 80 | 102 | 6% | 104 | 5.9% |
| 0 – 80 | 645 | 37.7% | 641 | 36.6% |
| 81 – 100 | 68 | 4% | 81 | 4.6% |
| 101 – 150 | 259 | 15.1% | 285 | 16.3% |
| 151 – 200 | 319 | 18.6% | 370 | 20.9% |
| 201 & Níos Mó | 365 | 21.3% | 379 | 21.6% |

**TÁBLA 5**

**Leibhéal Deimhnithe Alcóil san Fhual – Comparáid leis an mBliain Roimhe**

| mg Alcóil/100ml Fuail | 2016 | | 2015 | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon | (%) | Líon | (%) |
| 0 – 27 | 388 | 29.7% | 319 | 25.6% |
| 28 – 67 | 78 | 6% | 60 | 4.8% |
| 68 – 107 | 98 | 7.5% | 106 | 8.5% |
| 0 – 107 | 564 | 50.1% | 485 | 39.0% |
| 108 – 135 | 74 | 5.7% | 76 | 6.1% |
| 136 – 200 | 203 | 15.5% | 235 | 18.9% |
| 201 – 267 | 245 | 18.8% | 248 | 19.9% |
| 268 & Níos Mó | 191 | 14.6% | 200 | 16.1% |

## *An Clár um Dhrugaí san Fhuil, san Fhual & i Sreabhán Béil*

Tá an clár seo faoi cheannas an Phríomh-Anailísí, an Dr. R. Maguire. Is iad príomhfheidhmeanna an chláir seo:

- Samplaí fola agus fuail a fháil agus a anailísiú arna gcur ar aghaidh chuig an mBiúró nuair a rinneadh ráiteas EBT (tástáil fhianaiseach ar anáil) a eisiúint cheana.
- Lean an LBSB le samplaí a thástáil níos lú ná 80mg/100ml san fhuil agus 107mg/100ml san fhual, mar aon le samplaí nuair a dhéanann an Garda Síochána iarratais áirithe maidir le láithreacht (más ann di) de dhruga nó drugaí san fhuil nó san fhual.
- Deimhnithe anailíse a eisiúint maidir le láithreacht druga nó drugaí.
- Cúnamh saineolaíoch a sholáthar do na Cúirteanna agus don DTTAS.
- Sonraí a bhailiú agus a anailísiú maidir le tástálacha tocsaineolaíochta.
- Gairis Réamhthástála le haghaidh Drugaí a sholáthar, a bhailíochtú agus cur chun feidhme ina leith a phleanáil.
- Modhanna Tástála nua le haghaidh Drugaí a fhorbairt.
- Taighde ar dhrugaí atá ina gcúis le tiománaithe a lagú.



### *Réamhanailís*

Déanann an Biúró gach sampla fola agus fuail a anailísiú, a dhéantar a aimsiú i dtaca le teorainn shainithe le haghaidh alcóil, maidir le láithreacht seacht n-aicme éagsúla de dhruga nó drugaí. Tá an Garda Síochána ábalta anailísí le haghaidh drugaí a iarraidh freisin ar shamplaí lena mbaineann leibhéil alcóil níos airde ná an teorainn sin agus ar shamplaí freisin nuair a rinneadh ráiteas EBT maidir le méid an alcóil san anáil a eisiúint ina leith cheana. B'ionann líon na samplaí in 2016 a anailísíodh le haghaidh láithreacht druga nó drugaí agus 1,133 agus as sin bhí 25 acu a bhí ina n-iarratais a rinne an Garda Síochána.

Tháinig 1,108 samplaí faoi chatagóir na teorann sainithe, bhí 25 sampla níos airde ná an teorainn sin agus rinneadh iad a thástáil ina dhiaidh sin tar éis iarratas ón nGarda. Bhí 1 sampla amháin ann a rinneadh a thástáil le haghaidh alcóil agus EBT á úsáid a cuireadh isteach go díreach le haghaidh tástáil le haghaidh drugaí in 2016. As na 1,133 samplaí a rinneadh a thástáil fuarthas 813 acu (66.4%) le bheith dearfach le haghaidh aon aicme druga ar a laghad tar éis réamhthástáil le haghaidh drugaí, agus fuarthas 412 acu (33.6%) diúltach le haghaidh drugaí.

Is ionann an réamhthástáil reatha agus tástáil imdhíon-mheasúnachta, tástáil lena bhfuiltear in ann láithreacht druga a bhrath i sreabhán bitheolaíoch trí antasubstaintí sainiúla a úsáid. Leanadh le hobair le linn 2016 ar mhodh réamhthástála nua le haghaidh drugaí lena ndéanfar an tástáil imdhíon-mheasúnachta a athsholáthar, rud lena ndéanfar cineál agus líon na ndrugaí lagaithe a leathnú a bhfuil an LBSB in ann tástáil a dhéanamh ina leith. Tá sé beartaithe an modh scagthástála nua lena n-úsáidtear Crómatagrafaíocht Leachta in Éineacht le Mais-spectriméadracht Sraithe a thabhairt isteach in 2017.

### *Anailís Deimhniúcháin*

Le linn 2016 rinne an Biúró tástáil deimhniúcháin le haghaidh láithreacht Cannaibionóideach agus Beinsidhé-asaipíní i samplaí fola agus fuail ag áitreabh an Bhiúró i COBÁC.

Baineann an Biúró úsáid as Crómatagrafaíocht Gháis le Mais-speictriméadracht (GCMS) nó as Crómatagrafaíocht Gháis in Éineacht le Mais-spectriméadracht Sraithe (GC-MS-MS) nó Crómatagrafaíocht Leachta in Éineacht le Mais-spectriméadracht Sraithe (LC-MS-MS) san anailís deimhniúcháin le haghaidh drugaí dá chuid.

Leis na teicnící sin, ligtear do dheimhniú aonchiallach drugaí i sreabháin bhitheolaíocha. Cé go ndéanann an Biúró an chuid is mó de na hanailísí deimhniúcháin ag campas COBÁC, shocraigh sé freisin go ndéantar cuid den tástáil ag an LGC (Saotharlann Cheimiceoir an Rialtais) sa RA. Leagtar amach sa tábla a leanas líon agus cineál na dtástálacha deimhniúcháin a chuirtear chun feidhme ag áitreabh an Bhiúró ag COBÁC agus cineál agus líon na dtástálacha a chuir an LGC chun feidhme sa RA. Rinneadh tástáil maidir le haicmí drugaí iolracha ar roinnt samplaí.

## <u>Tábla 6</u>

**Achoimre na Tástála Deimhniúcháin a Cuireadh Chun Feidhme**


| Aicme Druga | Líon na dTástálacha | Arna bhfeidhmiú Ag |
|---|---|---|
| Cannabas | 546 | MBRS |
| Beinsidhé-asaipíní | 196 | MBRS |
| Codlaidínigh | 46 | LGC |
| Cócaon | 57 | LGC |
| Meatadón | 7 | LGC |
| Amfataimín | 16 | LGC |
| Meitiolamfataimín | 13 | LGC |

Cé go bhfuarthas 813 samplaí le bheith dearfach le haghaidh aon aicme ar a laghad de dhrugaí agus anailís á déanamh agus an modh scagthástála á úsáid, fuarthas a lán samplaí le bheith dearfach le haghaidh níos mó ná aicme druga amháin, agus nuair a tharla sin úsáideadh scéim tástála tosaíochta maidir le tástáil deimhniúcháin. Ba é an toradh air sin ná go ndearnadh roinnt samplaí a thástáil le haghaidh níos mó ná aicme druga amháin. Tugtar achoimre le Tábla 6 ar an tástáil deimhniúcháin le haghaidh drugaí a cuireadh chun feidhme faoi aicme. In 2016 lean an Biúró le tástálacha deimhniúcháin le Crómatagrafaíocht Leachta in Éineacht le Mais-spectriméadracht Sraithe a fhorbairt d'fhonn deireadh a chur leis an ngá le tástáil a sheachfhoinsiú, rud lena dtabharfar an tástáil deimhniúcháin uile intí sa Bhiúró.

### *Torthaí na nAnailísí le haghaidh Drugaí*

Tá achoimre ar na torthaí Dearfacha maidir le réamhthástáil le haghaidh drugaí sa chairt thíos (Cairt 1). Mar is féidir a fheiceáil is é Cannabas an druga is mó leitheadúlacht agus Beinsidhé-asaipíní ina dhiaidh sin mar a tuairiscíodh roimhe seo.

**Cairt 1: Leitheadúlacht Aicmí Drugaí bunaithe ar Réamhthástáil le haghaidh Drugaí**




Rinneadh próifíl aoise agus miondealú um inscne na dtiománaithe a tástáladh le bheith dearfach le haghaidh drugaí tar éis réamhthástáil le haghaidh drugaí a mheas agus léirítear iad i dTáblaí 7 agus 8.

**Tábla 7**

**Próifíl inscne na samplaí a bhí dearfach tar éis réamhthástáil le haghaidh drugaí**

| Inscne | 2016 | | 2015 | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon | (%) | Líon | (%) |
| Fireannach | 721 | 88.7 | 607 | 86.6% |
| Baineannach | 92 | 11.3 | 94 | 13.4% |


## Tábla 8

**Próifíl aoise le haicme druga na samplaí a bhí dearfach tar éis réamhthástáil le haghaidh drugaí**

| | Amfaitimín | Beinsidhé -asaipín | Cannabas | Cócaon | Meatadón | Meitiol-amfataimín | Codlaidínigh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **≤24** | 16 | 115 | 268 | 81 | 4 | 10 | 26 |
| **25-34** | 25 | 134 | 225 | 92 | 37 | 13 | 72 |
| **35-44** | 7 | 81 | 85 | 55 | 33 | 4 | 62 |
| **45-54** | 0 | 19 | 21 | 7 | 5 | 0 | 19 |
| **≥55** | 1 | 22 | 19 | 1 | 1 | 0 | 7 |
| **Ní Luaitear** | | 3 | 2 | 1 | | | |


Breathnaíodh brath drugaí lagaithe iolracha freisin sa sampla céanna arna thógáil ó thiománaithe, a tuairiscíodh roimhe seo, bunaithe ar shonraí na réamhanailíse le haghaidh drugaí. San iomlán, fuarthas 31% de shamplaí a cuireadh isteach maidir le réamhthástáil le haghaidh drugaí le bheith dearfach le haghaidh 2 aicme nó níos mó de dhrugaí. Bhí roinnt samplaí dearfach le haghaidh 5 aicme de dhrugaí. Tugtar méid na faidhbe sin chun suntais leis an gcairt thíos (Cairt 2).

**Cairt 2: Leitheadúlacht úsáid Drugaí Iolracha bunaithe ar Réamhthástáil le haghaidh Drugaí**



Is iad na comhcheangail is mó a ndéantar teagmháil leo agus na cinn atá in ord tosaíochta sa chairt thíos (Cairt 3).


**Cairt 3: Leitheadúlacht Chomhcheangal na nDrugaí lena ndéantar Teagmháil bunaithe ar Réamhtheástáil le haghaidh Drugaí**




I gcás gach sampla, roghnaíodh 1 aicme druga amháin le haghaidh deimhniúcháin agus léirítear leis an gcairt thíos (Cairt 4) dáileadh na n-aicmí drugaí maidir le hanailís deimhniúcháin.

**Cairt 4**

**Leitheadúlacht Aicmí na nDrugaí bunaithe ar Thástáil Deimhniúcháin**




***Tástáil Ceimiceán le haghaidh Drugaí Cois Bóthair***

In 2016 lean an grúpa Chur Chun Feidhme um Thástáil Ceimiceán le haghaidh Drugaí Cois Bóthair le buaileadh le chéile. Bunaíodh an grúpa go luath in 2013. Comhdhéanann ionadaithe ón nGarda Síochána, ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTAS) agus Eolaithe an Bhiúró an grúpa, agus an tArd-Anailísí mar Chathaoirleach an ghrúpa. Roimhe seo, rinne an grúpa seo na sonraíochtaí a réadtiomnú maidir le tairiscint i dtaca le córas réamhthástála le haghaidh drugaí oiriúnach agus sreabhán béil á úsáid agus a bheadh le húsáid cois bóthair nó i stáisiúin an Gharda Síochána. Foilsíodh an tairiscint sin in 2014. Údaraíodh iarratas a cuireadh chuig an DDTAS maidir le síneadh 1 bhliain agus saineolaí breise don tionscadal seo in 2016 agus mairfidh sé sin go dtí Mí na Nollag 2017.

Leanadh le hobair i rith 2016 d'fhonn a chinntiú go mbeadh nósanna imeachta iomlána agus cearta i bhfeidhm le haghaidh cur chun feidhme na réamhthástála le haghaidh drugaí ag an nGarda Síochána. San áireamh leis sin dearadh seilf chun an gaireas PDT a choinneáil i ngach ceann de na 86 Stáisiún de chuid an Gharda Síochána ina ndéantar tástáil le haghaidh ábhair mheisciúla, rinneadh cúrsa oiliúna d'oibreoirí an ghairis a

réadtiomnú i gcomhar le hAonad Oiliúna an Gharda Síochána ag an Teampall Mór, chomh maith le modhanna tástála saotharlainne a fhorbairt.

Leanadh le hanailís GC-MS-MS agus LC-MS-MS le haghaidh drugaí i sreabhán béil in 2016 chun tacú leis an rialú cáilíochta leanúnach a chur chun feidhme ar ábhar an chórais tástála drugaí a dhéanfar a cheannach thar shaolré an chonartha.

### *Modhanna Cainníochtúla a Fhorbairt*

Leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre 2016 tugadh leibhéil *per se* i lánfhuil isteach le haghaidh drugaí áirithe don chéaduair i bPoblacht na hÉireann nuair a rinneadh é a achtú i Mí na Nollag 2016. Cuireadh tús leis an bhforbairt agus an leasú ar Mhodhanna Tástála chun na hathruithe reachtacha sin a chur san áireamh in 2015 agus rinneadh bailíochtú agus nósanna imeachta a fhorbairt in 2016 chun a chinntiú go mbeadh an tSaotharlann réidh don dáta tosaithe.

### *Taighde*

Tá drugaí agus tiomáint (DUID) fós ina ábhar is cúram don Rialtas go speisialta maidir le forfheidhmiú. Beidh an réimse iomlán maidir le scagthástáil cois bóthair ina dhúshlán don Bhiúró.

Mar gheall ar nádúr athraitheach na mí-úsáide drugaí tá gá leanúnach le monatóireacht a dhéanamh ar na drugaí arna mí-úsáid ag tiománaithe. Tá an LBSB gníomhach i bhforbairt modhanna nua atá dírithe ar chineál agus ar líon na ndrugaí lagaithe a mhéadú ar féidir iad a bhrath agus tá sé gníomhach freisin i modhanna atá ann a fheabhsú d'fhonn a chinntiú go bhfuil modhanna cothrom le dáta le forbairtí maidir le drugaí a bhrath. Le linn 2016 lean an fhoireann le modhanna a fhorbairt agus ceannaíodh ionstraim LC-MS-MS Ardtaifigh nua chun cumas an Bhiúró a fheabhsú a thuilleadh maidir le drugaí i dtiománaithe a bhrath.

## *An Clár um Alcól san Anáil*

Bhí an clár seo faoi cheannas an Phríomh-Anailísí, an tUasal D. Reynolds go dtí Samhain 2016. Is iad na príomhfheidhmeanna a bhaineann leis an gclár seo:


- Gairis a fhaomhadh, a sholáthar agus a thástáil le haghaidh láithreacht alcóil san anáil a léiriú (gairis scagthástála anála cois bóthair)
- Gairis a fhaomhadh, a sholáthar agus a thástáil le haghaidh tiúchan alcóil san anáil a dheimhniú (gairis tástála fianaisí ar anáil)
- Cúnamh saineolaíoch a sholáthar do na Cúirteanna agus don DTTAS.
- Cúrsaí oiliúna a sholáthar d'Oibreoirí agus do Mhaoirseoirí EvidenzerIRL.
- Sonraí a bhailiú agus a anailísiú maidir le tástálacha fianaiseacha le haghaidh alcól san anáil




### *Tástáil le haghaidh Alcól san Anáil Cois Bóthair*

Lean an Biúró le tacú leis na gairis Draeger 6510 arna n-eisiúint don Gharda Síochána i dtimpeall ar 373 stáisiúin an Gharda Síochána ar fud na tíre. Is féidir breac-chuntas in aghaidh an chontae a rianú sa léarscáil thíos.

**GAIRIS ANÁLA COIS BÓTHAIR IN ÉIRINN**






***Tástáil Fhianaiseach le haghaidh Alcól san Anáil***
Lean an Biúró le tacú leis na 86 ionstraim EvidenzerIRL i Stáisiúin an Gharda Síochána.

***Oiliúint***
Lean an Biúró le cúrsaí oiliúna a sholáthar d'Oibreoirí agus do Mhaoirseoirí i gcomhar leis an nGarda Síochána. Cúrsa aon lae go leith atá i gceist leis an gcúrsa seo a rinneadh a réadtiomnú chun Oibreoirí agus Maoirseoirí an Gharda Síochána a oiliúint le haghaidh an ionstraim EvidenzerIRL a úsáid.

Rinneadh na cúrsaí oiliúna a leanas a thionól le linn 2016:

- Aon Chúrsa Oiliúna Déag d'Oibreoirí/Maoirseoirí
  (204 Oibreoirí agus 103 Maoirseoirí, méadú 50% ó 2015)

***Tástáil agus Cuairteanna ar Stáisiúin an Gharda Síochána***
Thug Eolaithe an Bhiúró cuairt agus rinne siad gach ionstraim a thástáil a suiteáladh roimhe sin i stáisiúin an Gharda Síochána ar dhá ócáid ar a laghad, agus bhí líon iomlán de 202 cuairteanna ann le linn 2016. Clúdaíodh tástáil agus cothabháil leis na cuairteanna sin agus is gné ríthábhachtach iad chun cáilíocht thorthaí na dtástálacha le haghaidh alcól san anáil a dhearbhú chun críocha fianaiseacha.

## Tábla 7


**Leibhéal Deimhnithe Alcóil san Anáil 2016 – Comparáid le 2015**

| µg. Alcóil in aghaidh 100ml anála | 2016 | | 2015 | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon | (%) | Líon | (%) |
| 0 - 9 | 451 | 9% | 400 | 9% |
| 10 – 22 | 703 | 14% | 532 | 12% |
| 23-35 | 796 | 16% | 617 | 14% |
| 36 – 44 | 534 | 11% | 431 | 10% |
| 45 – 66 | 1230 | 25% | 1,111 | 25% |
| 67 & Níos Mó | 1274 | 25% | 1,258 | 30% |

***Anailís ar Alcól san Anáil***

In 2016 rinneadh líon iomlán de 5,694 tiománaithe a thabhairt chuig Stáisiúin an Gharda Síochána agus rún ann go dtabharfadh siad samplaí anála maidir le hanailís le haghaidh alcóil. I 119 cásanna (2%) tugadh cúis chun suntais leis an EvidenzerIRL nárbh fhéidir deimhniú alt 13 a tháirgeadh, mar shampla cosaintí amhail Alcól Béil nó Difríocht Anála. As na 5,575 tiománaithe a bhí fágtha, maidir le 587 acu theip ar chuid de na tiománaithe (426) nó dhiúltaigh an chuid eile (161) samplaí anála a sholáthar. Eisíodh líon iomlán de 4,968 ráitis alt 13.

**ALCÓL DEIMHNITHE SAN ANÁIL 2016 (UG/100 ML)**




***Meánleibhéal an Alcóil san Anáil***

Gan samplaí anála lenar bhain toradh nialasach a chur san áireamh, b'ionann meánleibhéal an alcóil san anáil agus 48µg/100ml in 2016.

***Anailís Ama***

As lion iomlán na samplaí anála a soláthraíodh cuireadh 68% (4,988) acu ar fáil idir na huaireanta 9.00 i.n. agus 6.00 r.n., cuireadh 15% acu ar fáil idir 4.00 i.n. agus 9.00 i.n., agus cuireadh an méid eile de 17 % idir 6.00 r.n. agus 4.00 i.n.

***Níos Mo ná Dhá Oiread Níos Airde ná an Teorainn de 22 µg /100ml (Anáil)***

Bhí 51% de na samplaí a cuireadh ar fáil níos mó ná dhá oiread níos airde ná an teorainn sin.

***Inscne maidir le Samplaí ó Thástáil Fhianaiseach ar Anáil***

Bhí lion na dtiománaithe fireannacha a raibh orthu samplaí anála a sholáthar thar a bheith níos mó ná líon na dtiománaithe baineannacha, agus an cóimheas idir mná agus fir comhionann le 7:1.

**Tábla 8**

**Próifíl Inscne na Samplaí – Anailís ar Alcól san Anáil**

| Inscne | 2016 | | 2015 | |
|---|---|---|---|---|
| Fireannach | 4,403 | 88.3% | 3,840 | 88% |
| Baineannach | 585 | 11.7% | 509 | 12% |


**Tábla 9**

**Próifíl Aoise na Samplaí - Anailís ar Alcól san Anáil**

| Próifíl Aoise | 2016 | | 2015 | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon | % | Líon | % |
| ≤ 24 | 765 | 16% | 780 | 18% |
| 25 – 34 | 1517 | 32% | 1,364 | 32% |
| 35 – 44 | 1267 | 26% | 1,014 | 23% |
| 45 – 54 | 839 | 18% | 698 | 16% |
| ≥55 | 598 | 11% | 493 | 11% |
| Ní Luaitear | 2 | | 0 | |

Ba é an chatagóir aoise is mó a fuarthas agus 25-34 bliain d'aois ag 52%, agus bhí níos mó ná leath den líon sin idir 25 agus 29 mbliana d'aois.

**PRÓIFÍL AOISE NA SAMPLAÍ ANÁLA**



***Taighde***
Chuir an Biúró tús le tionscadal taighde chliniciúil i gcomhar le comhpháirtithe cliniciúla chun breathnú ar fheidhmiú na scamhóg agus cumas tiománaithe samplaí a sholáthar le haghaidh tástáil fhianaiseach ar anáil. Táthar ag súil go gcuirfear an tionscadal chun críche in 2017.

## Finné Gairmiúil

Is é an réimse a bhaineann le sábháilteacht um thrácht ar bhóithre a fhorfheidhmiú, agus go háirithe tiomáint faoi thionchar ábhar meisciúil (alcól agus drugaí araon), an réimse is mó dlíthíocht i bhfearann an dlí choiriúil in Éirinn. Bíonn an Biúró rannpháirteach maidir le comhairle a thabhairt i leith cásanna agus trí bhíthin na n-eolaithe dá chuid glacann sé páirt i gcásanna faoi bhráid na gCúirteanna.

In 2016 bhí leibhéal an tinrimh i gcúirteanna ag finnéithe an Bhiúró níos lú ná na blianta roimhe agus ní raibh ach trí ócáid tinrimh ag foireann an Bhiúró.

## *Dearbhú Cáilíochta*

Choinnigh an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre an Creidiúnú ISO 17025 dá chuid in 2016 maidir leis na 4 réimse a leanas: Anailís ar alcól san fhuil agus san fhual; Anailís ar dhrugaí; Tástáil Fhianaiseach ar Anáil; agus Réamhthástáil ar Anáil.

Oibríonn an Biúró Raon Feidhme Solúbtha; leis sin is féidir tástálacha nua le haghaidh drugaí a chur le raon feidhme creidiúnaithe an Bhiúró de réir mar a dhéantar iad a fhorbairt intí. Déantar máistirliosta de thástálacha creidiúnaithe breise (MLAAT) a choimeád mar chuid den phróiseas um raon feidhme solúbtha. Cuireadh roinnt modhanna tástála le haghaidh Drugaí i Sreabhán Béil leis an Liosta in 2015 maidir le hathbhreithniú ag INAB go luath in 2016. Rinneadh na modhanna sin a chorprú ina dhiaidh sin i Raon Feidhme Creidiúnaithe an Bhiúró tar éis na cuairte ón INAB i Márta 2016. Tá sonraí iomlána an Raoin Feidhme Creidiúnaithe ar fáil ag https://www.inab.ie/Directory of Accredited Bodies.

Cuireadh iarratas le haghaidh an raon feidhme a shíneadh chun tástáil ar an ngaireas Réamhthástála le haghaidh Drugaí a áireamh faoi bhráid INAB in 2016 le haghaidh measúnaithe go luaithe in 2017.

**<u>Tástáil Inniúlachta</u>**

Glacann an Biúró páirt i roinnt scéimeanna um thástáil Inniúlachta. Tá na scéimeanna le haghaidh 2016 sonraithe i dTábla 10.

## Tábla 10

## Cláir um Thástáil Inniúlachta

| Clár | Soláthraí | Scéim | Líon na Samplaí | Anailítí |
|---|---|---|---|---|
| Tocsaineolaíocht | CAP | Drugaí Mí-úsáide i Lánfhuil agus san Fhual | 8 sampla in aghaidh na bliana | Amfaitimíní & Spreagthaigh<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon & Meitibilítí<br>Mion-suaimhneasáin<br>Támhshuanaigh Neamhchodlaidíneach<br>Codlaidínigh |
| | Labquality | Drugaí Mí-úsaide san Fhual | 6 shampla in aghaidh na bliana | Amfaitimíní & Spreagthaigh<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon & Meitibilítí<br>Mion-suaimhneasáin<br>Támhshuanaigh Neamhchodlaidíneach<br>Codlaidínigh |
| | LGC Standards | Drugaí Mí-úsáide san Fhual | 12 shampla in aghaidh na bliana | Amfaitimíní & Spreagthaigh<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon & Meitibilítí<br>Mion-suaimhneasáin<br>Támhshuanaigh Neamhchodlaidíneach<br>Codlaidínigh |
| | | Tocsaineolaíocht | 8 sampla in aghaidh na bliana | Amfaitimíní & Spreagthaigh<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon & Meitibilítí<br>Mion-suaimhneasáin<br>Támhshuanaigh Neamhchodlaidíneach<br>Codlaidínigh |
| | | Drugaí i Sreabhán Béil | 12 shampla in aghaidh na bliana | Amfaitimíní & Spreagthaigh<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon & Meitibilítí<br>Mion-suaimhneasáin<br>Támhshuanaigh Neamhchodlaidíneach<br>Codlaidínigh |
| | | Tocs.- Benzodiazepines | 8 sampla in aghaidh na bliana | Déiseapam, Nordéiseapam, Teamaiseapam, Ocsaiseapam, Níotraiseapam |
| | | Tocs. – Z-Drugaí | 8 sampla in aghaidh na bliana | Soipioclón, Zaleplon, Sóilpidéim |
| Alcól | Labquality | Fuil | 8 sampla in aghaidh na bliana | Alcól |
| | Labquality | Fual Cainniochtúil | 4 shampla in aghaidh na bliana | pH, Créitínín & Úiré |
| | LGC Standards | Tocs. – Fuil & Tocs. Fual | 24 sampla in aghaidh na bliana | Alcól |
| EBT | CTS, Inc. | Anailís le Tuaslagán Insamhlóra ar Alcól san Anáil 568 | 2 thuaslagán in aghaidh na bliana | Alcól |

## *Faisnéis Airgeadais*

Faigheann an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre a chuid airgid ó Dheontas Bliantúil as an Vótáil le haghaidh na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. B'ionann an leithdháileadh deontais iomlán don Bhiúró in 2016 agus €4,227,000.

## *Rialachas Corparáideach*

Oibríonn Bord an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tá an Bord freagrach don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus don Roinn Airgeadais. Tagann an Bord le chéile go rialta agus tá sé freagrach as bainistíocht cheart an Bhiúró. Déanann sé cinntí straitéiseacha móra agus déanann sé athbhreithniú ar straitéis bainistíochta riosca an Bhiúró agus ar na próisis rialaithe ar bhonn bliantúil.

### *Comhaltaí an Bhoird*

Comhdhéantar Bord an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre de chuig chomhalta (agus an Stiúrthóir san áireamh) agus ceapann an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Bord.

| Ainm | Post | Taifead Tinrimh |
|---|---|---|
| **An tOllamh Cecily Kelleher** | **Cathaoirleach** | **4 as 4** |
| **An tOllamh Denis Cusack** | **Comhalta an Bhoird agus Stiúrthóir** | **4 as 4** |
| **An tUasal Nicola Hayes** | **Comhalta an Bhoird** | **3 as 4** |
| **An tUasal Paul Burns** | **Comhalta an Bhoird** | **4 as 4** |
| **An Dr Declan Bedford** | **Comhalta an Bhoird** | **4 as 4** |

### *Ballraíocht agus Cruinnithe an Bhiúró*

Le linn 2016 rinne an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ceithre chruinniú a thionól. Tionóladh na cruinnithe sin an 7 Aibreán, an 16 Meitheamh, an 29 Mean Fómhair agus an 8 Mí na Nollag 2016.

## *Sceideal na dTáillí agus na Speansas Comhiomlán a Íocadh do Stiúrthóirí le linn 2016*

Le linn 2016 íocadh na táillí a leanas:

| Comhalta an Bhoird | CINEÁL NA TÁILLE | ÍOCTHA |
|---|---|---|
| An tUasal Paul Burns | Táille do chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin Bhoird Chomhlachtaí an Stáit | €5,985 |
| An Dr Declan Bedford | Táille do chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin Bhoird Chomhlachtaí an Stáit | €5,985 |

### *Comhlíontacht*

Tá áthas ar an mBord a thuairisciú gur chomhlíon an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre forálacha ábhartha an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú sa bhliain dar dheireadh 31 Mí na Nollag 2016. Rinneadh iniúchadh inmheánach a chur chun feidhme.

### *Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí*

Ní raibh aon leasanna ag comhaltaí an Bhoird a bhí in oifig ag 31 Mí na Nollag 2016 chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001.

### *An Coiste Iniúchta*

Déanann an Coiste Iniúchta athbhreithniú ar aon ghné a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. Oibríonn an coiste faoi théarmaí tagartha foirmiúla. De ghnáth bíonn comhaltaí an Choiste i láthair ag cruinnithe agus déanann sé tuairisciú don Bhord ar bhonn leathbhliantúil.

### *Iniúchadh Airgeadais Seachtrach*

Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an t-iniúchadh bliantúil ar Ráitis Airgeadais 2015 le linn 2016. Ní dhearnadh aon saincheisteanna suntasacha a ardú i gcúrsa an iniúchta.

### *Iniúchadh Inmheánach*

Is gné ríthábhachtach í feidhm an iniúchta inmheánaigh maidir leis an mBord a chur ar an eolas faoi éifeachtacht chóras an rialaithe airgeadais inmheánaigh. Oibríonn an t-iniúchóir inmheánach de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Ullmhaíodh tuarascáil an Iniúchta Inmheánaigh maidir le 2016.

***Soláthar***
Is é córas tairisceana iomaíche an beartas normálta a úsáideann an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre sa phróiseas soláthair. Dearbhaítear leis gur chomhlíon sé nósanna imeachta soláthair agus Treoracha ábhartha ón AE de réir mar atá leagtha amach ag an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú le linn 2016.

***Pleanáil Straitéiseach***
Rinne an Biúró an Plean Straitéiseach Bliantúil dá chuid do 2017 a thiomsú mar aon leis an bPlean Straitéiseach Cúig Bliana do 2017-2021 dá chuid agus cuireadh an dá straitéis ar aghaidh chuig an Aire. Leagtar príomhchuspóirí an Bhiúró amach thar an mbliain agus na blianta le teacht leis na Pleananna in éineacht lena phríomhghníomhaíochtaí chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Is féidir an dá straitéis a bhreathnú ar láithreán gréasáin an Bhiúró.

***Íocaíocht Phrap as Cuntas***
Admhaíonn an Bord go bhfuil freagracht aige maidir le comhlíontacht a chinntiú i dtaca leis an Acht um Íocaíocht Phrap as Cuntais. Faoi chomhaontú leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, íoctar soláthraithe sa chéad chéim ag an gColáiste agus ansin déanann an Bord an Coláiste a aisíoc. Is é beartas an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre chun a chinntiú go ndéantar gach sonrasc a íoc go prap. Tá riachtanas ar an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, mar comhlacht na hearnála poiblí, riachtanais an Achta a chomhlíonadh maidir le híocaíochtaí do sholáthraithe i dtaca le hearraí nó seirbhísí a sholáthar agus dá bhrí sin tá nósanna imeachta thar a bheith docht i bhfeidhm aige.

I gcás líon beag de sholáthraithe, nuair a faigheann an Biúró sonrasc déanann sé íocaíocht a eisiúint le seic go díreach chuig an soláthraí. Ní féidir ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a sholáthar leis na rialuithe maidir le próiseáil sonrasc, nótaí creidmheasa agus déileáil le hagóidí soláthraithe i gcoinne neamhchomhlíonadh ábharach an Achta.

# RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH

**Freagracht maidir le Rialú Inmheánach**
Ar son Chomhaltaí an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéantar córas rialaithe airgeadais inmheánaigh éifeachtach a choimeád agus a oibriú.

Ní féidir ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a sholáthar leis an gcóras go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go ceart, agus go ndéantar earráidí ábharacha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a bhrath i dtréimhse thráthúil.

**Nósanna Imeachta Rialaithe Príomhúla**
Leag an Biúró na nósanna imeachta príomhúla a leanas amach atá deartha chun rialú airgeadais inmheánach éifeachtach a sholáthar laistigh den Bhiúró. D'aontaigh an Biúró go bhfuil an Stiúrthóir agus an fhoireann freagrach as cúrsaí oibríochtúla. Déanann an Stiúrthóir tuairisciú don Bhord ag na cruinnithe dá chuid, agus rinneadh ceithre chruinniú dá leithéid a thionól in 2016

Leag an Biúró amach na nósanna imeachta airgeadais agus na cleachtais tarmligin dá chuid d'fhonn timpeallacht rialaithe fhollasach a chinntiú atá oiriúnach do ghníomhaireacht leathstáit bheag. Tá Coiste Iniúchta ag an mBiúró chun tacú le dearbhú cáilíochta ar nósanna imeachta airgeadais. Rinne an Coiste dhá chruinniú a thionól in 2016 agus rinne sé iad a thuairisciú don Bhiúró.

Tá córas an rialaithe inmheánaigh ar airgeadas bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta rialta, ar nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt na ndualgas, agus ar chóras tarmligin agus cuntasachta. Áirítear na nithe a leanas leis go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil a dhéantar a athbhreithniú agus a chomhaontú ag an mBiúró.
- Athbhreithnithe rialta ag an mBiúró ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla lena léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.
- Spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais oibríochtúil agus feidhmíocht eile a thomhas.
- Disciplíní foirmiúla um bainistíocht tionscadail.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an mBiúró, a oibrítear de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Déantar monatóireacht agus athbhreithniú an Bhiúró ar éifeachtacht chóras an rialaithe inmheánaigh ar airgeadas a threorú ag obair an iniúchóra inmheánaigh, ag an gcoiste iniúchta agus ag feidhmeannas an Bhiúró ag a bhfuil an fhreagracht le haghaidh an creat de rialuithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, agus ag tráchtanna a dhéanann an t-Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste sa tuarascáil dá chuid, de réir mar is infheidhme.

**Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe**
Rinne an Biúró athbhreithniú ar éifeachtacht chóras an rialaithe inmheánaigh ar airgeadas dá chuid maidir le 2016 de réir na riachtanas.

An tOllamh Declan Bedford
Cathaoirleach

## Saoráil Faisnéise


Le linn 2016 fuair an Biúró cúig iarratas agus pléadh leo ar shlí riaracháin taobh amuigh de Shaoráil Faisnéise.

## Soláthar Foirne

Lean an Biúró le linn 2016 chun oibriú laistigh dá líon foirne de réir an Chreat Rialaithe Fostaíochta.

Rinneadh athruithe ar fhoireann an Bhiúró le linn na bliana tar éis daoine ag iarraidh as oifig agus ag imeacht ar scor laistigh den réimse eolaíochta.

# Cairt Eagraíochta




**PA = Príomh-Anailísí**
**BC = Bainisteoir Cáilíochta**
**OR = Oifigeach Riaracháin**
**AS = Anailísí Sinsearach**
**AN = Anailísí**
**CFS = Cúntóir Feidhm. Sins.**
**CF = Cúntóir Feidhmiúcháin**
**OTS = Oifigeach Teicniúil Sins.**
**OT = Oifigeach Teicniúil**
**FS = Freastalaí Saotharlainne**
**OTF = Oifigeach TF**
**STO = Speisialtóir Tacaíochta Oibríochtaí**

## Cúrsaí agus Comhdhálacha ar a bhfreastail an Fhoireann in 2016

| | |
|---|---|
| 1 | D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar Chúrsa MS Access an 13 Eanáir 2016 i COBÁC. |
| 2 | D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar Chúrsa MS Excel Expert i COBÁC an 28 Eanáir 2016. |
| 3 | D'fhreastail Anailísí ar Chúrsa MS Access an 11 Feabhra 2016 i COBÁC. |
| 4 | D'fhreastail 8 Anailísithe Sinsearacha ar chúrsa maidir le Forbairt Bainistíochta Maoirseachta ag an LBSB an 11 agus an 18 Feabhra. |
| 5 | Thug an tArd-Anailísí, Príomh-Anailísí agus Anailísí Sinsearach cuairt ar shaoráid Draeger in Lubeck, an Ghearmáin, ón 22 go 24 Feabhra 2016. |
| 6 | D'fhreastail Príomh-Anailísí agus Anailísí Sinsearach ar chruinniú OIML R126 i mBeirlín, an Ghearmáin an 22 Feabhra 2016. |
| 7 | D'fhreastail Anailísí agus Anailísí Sinsearach ar chomhdháil Draeger um Dhrugaí agus Alcól an 9 agus an 10 Márta 2016 i Manchain, Sasana. |
| 8 | D'fhreastail beirt Anailísithe Sinsearacha ar chomhchruinniú LTG UKIAFT an 11 Márta 2016 i Londain, Sasana. |
| 9 | D'fhreastail Anailísí ar chúrsa MS Access i COBÁC an 15 Márta 2016. |
| 10 | D'fhreastail beirt Anailísithe agus Cúntóir Feidhmiúcháin ar chúrsa dhá uair maidir le Láimhsiú Sábháilte i COBÁC an 22 Márta 2016. |
| 11 | D'fhreastail Oifigeach Teicniúil ar Cheardlann Feasachta Sábháilteachta maidir le Gás ag BOC, Baile Átha Cliath an 24 Márta 2016. |
| 12 | D'fhreastail Príomh-Anailísí agus triúr Anailísithe ar Thuras Nuála Perkin Elmer ag an Óstán Clarendon, Baile Átha Cliath an 7 Aibreán 2016. |
| 13 | D'fhreastail Cúntóir Feidhmiúcháin ar chúrsa maidir le Hoiliúint do Mheasúnóir VDU sa LBSB an 13 agus 18 Aibreán 2016. |
| 14 | D'fhreastail Príomh-Anailísí, Anailísí Sinsearach agus beirt Anailísithe ar chúrsa Méadreolaíocht sa Cheimic Train MIC an 20 Aibreán 2016 ag an tSaotharlann Stáit, Co. Chill Dara. |
| 15 | D'fhreastail 22 ball foirne ar rogha de Sheimineáir maidir le Measúnú Riosca Ghinearálta, Bhitheolaíoch agus Ceimiceán an 22 Aibreán 2016 ag an LBSB. |
| 16 | D'fhreastail an tArd-Anailísí, Príomh-Anailísí, Anailísí Sinsearach agus beirt Anailísithe ar chomhdháil Chumann Mais-speictriméadrachta na hÉireann i mBaile Átha Cliath an 18 Bealtaine 2016. |
| 17 | D'fhreastail an tArd-Anailísí , triúr Príomh-Anailísithe, seisear Anailísithe Sinsearacha agus seachtar Anailísithe ar Oiliúint maidir le hAlcól agus Drugaí ón 2 go 3 Meitheamh agus ón 14 go 15 Meán Fómhair 2016 ag an LBSB. |
| 18 | D'fhreastail Anailísí agus Anailísí Sinsearach ar chúrsa oiliúna Phenomenex maidir le Crómatagrafaíocht Gháis an 14 Meitheamh 2016. |

| | |
|---|---|
| 19 | D'fhreastail Príomh-Anailísí ar chomhdháil ceithre lá de chuid Acadamh Idirnáisiúnta na Míochaine Dlíthiúla sa Veinéis, an Iodáil, an 21 Meitheamh 2016. |
| 20 | D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar chúrsaí oiliúna maidir le Staitisticí le SPSS, an 21 agus 23 Meitheamh ag COBÁC, Baile Átha Cliath. |
| 21 | D'fhreastail Oifigeach Teicniúil Sinsearach ar chúrsa oiliúna dhá uair maidir le Perker Elmer sa LBSB an 1 Lúnasa 2016. |
| 22 | D'fhreastail Oifigeach Teicniúil ar Chomhdháil aon lae um Fhorbairt Oifigeach Teicniúil ag COBÁC an 6 Lúnasa 2016. |
| 23 | D'fhreastail beirt Anailísithe Sinsearacha agus beirt Anailísithe ar chomhdháil UKIAFT i Manchain, Sasana, an 18 agus 19 Lúnasa 2016. |
| 24 | D'fhreastail Oifigeach Teicniúil Sinsearach ar chúrsa oiliúna trí huaire maidir le Ríomhsholáthar ag COBÁC an 24 Lúnasa 2016. |
| 25 | D'fhreastail ceathrar Anailísithe Sinsearacha, ceathrar Anailísithe, Oifigeach Teicniúil agus Oifigeach Teicniúil Sinsearach ar sheisiúin oiliúna Perkin Elmer an 25 agus 26 Lúnasa 2016 ag an LBSB . |
| 26 | D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar chomhdháil TIAFT cúig lá in Brisbane, an Astráil ón 28 Lúnasa go 1 Mean Fómhair 2016. |
| 27 | D'fhreastail Oifigeach Teicniúil Sinsearach ar chúrsa maidir le Draeger Alcotest 6510 a Chothabháil agus a Dheisiú an 31 Lúnasa 2016 in Blythe, Sasana. |
| 28 | D'fhreastail Anailísí ar chúrsa DUID Borkenstein cúig lá ón 19 go 23 Mean Fómhair 2016 in Philadelphia, SAM. |
| 29 | D'fhreastail Oifigeach Teicniúil Sinsearach ar chúrsa trí huaire maidir le MS Excel Core ag COBÁC an 22 Mean Fómhair 2016. |
| 30 | D'fhreastail Príomh-Anailísí ar chomhdháil maidir le Fianaise Shaineolaíoch: an Córas Nua an 12 Deireadh Fómhair 2016 ag Páirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath. |
| 31 | D'fhreastail Oifigeach TF, Anailísí agus beirt Cúntóirí Feidhmiúcháin Sinsearacha ar chúrsa dhá lá SharePoint 2016 an 12 agus 13 Deireadh Fómhair 2016 i m Baile Átha Cliath. |
| 32 | D'fhreastail Príomh-Anailísí ar chomhdháil sé lá SOFT ón 16 go 21 Deireadh Fómhair 2016 in Dallas, SAM. |
| 33 | D'fhreastail Príomh-Anailísí, Anailísí Sinsearach agus triúr Anailísithe ar Cheardlann Eurachem Ireland ag an tSaotharlann Stáit, Co. Chill Dara an 27 Deireadh Fómhair 2016. Rinne an Príomh-Anailísí láithreoireacht ann. |
| 34 | D'fhreastail Príomh-Anailísí, Oifigeach Teicniúil, triúr Anailísithe Sinsearacha agus seachtar Anailísithe ar sheimineár aon uair go leith maidir le Conas Déileáil le Doirteadh Ceimiceán ag an LBSB an 3 Samhain 2016. |

| | |
|---|---|
| 35 | D'fhreastail Príomh-Anailísí agus Anailísí Sinsearach ar chúrsa aon uair go leith maidir le Cuardach Google, Google Scholar agus Innill Chuardaigh Acadúla i Leabharlann na hEolaíochta Sláinte, COBÁC an 30 Samhain 2016. |
| 36 | D'fhreastail Oifigeach Teicniúil Sinsearach, Anailísí agus Speisialtóir um Thacaíocht d'Oibríochtaí ar Cheardlann Feasachta Sábháilteachta maidir le Gás ag BOC, Baile Átha Cliath, an 1 Mí na Nollag 2016. |
| 37 | I rith 2016, d'fhreastail roinnt den fhoireann ar éagsúlacht de chúrsaí gairide arna dtairiscint ag COBÁC um Fhoghlaim agus Forbairt do Dhaoine agus ábhair amhail Forbairt Foirne agus Sláinte agus Folláine á gclúdach. |

## Ídiú Fuinnimh

Faoi ghealltanas an Rialtais chun éifeachtúlacht fuinnimh phoiblí a fheabhsú faoi 33% faoi 2020 tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre cláraithe ar chóras ar líne SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) agus déanann sé tuairisciú tríd. Is é ídiú leictreachais agus gáis úsáid fuinnimh phríomhúil an Bhiúró, rud atá riachtanach le haghaidh saotharlann fhóiréinseach chomh maith le saoráidí coimhdeacha a reáchtáil, m.sh. téamh agus soilsiú, trealamh saotharlainne, láimhseáil aeir, ríomhairí agus freastalaithe. Baineann an Biúró úsáid as roinnt tionscnamh d'fhonn éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Baintear úsáid as Córas Bainistíochta Foirgnimh (CBF) chun monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar théamh, aonaid láimhseála aeir, coire uisce (soláthar díreach uisce the) agus feananna aistarraingthe. Déantar gach ceann de cheithre urlár áitreabh an Bhiúró a bhainistiú ina n-aonar agus déantar uathrialuithe a sceidealú dá réir sin. Rinneadh bolgáin solais atá tíosach ar fhuinneamh, braiteoirí gluaiseachta agus lasca ama a fheistiú ar fud an fhoirgnimh d'fhonn ídiú fuinnimh a laghdú a thuilleadh.

Faoi láthair tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre de réir sprice maidir leis an bhfeabhsú de 33% maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach faoi 2020.

## Séanadh Dlíthiúil

Tá na tuairiscí agus staitisticí laistigh den tuarascáil seo de nádúr comhdhlúite agus faisnéiseach ar bhonn ginearálta amháin. Níor cheart bheith ag brath orthu, agus orthu amháin, chun cearta dlí nó cinntí eile a chinneadh faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre. Tugtar comhairle do léitheoirí agus úsáideoirí aon fhaisnéis ar mian leo bheith ag brath uirthi a fhíorú leis na comhairleoirí dlí dá gcuid.

**An tOllamh Denis A. Cusack,**
**Stiúrthóir.**

**An tOllamh Declan Bedford,**
**Cathaoirleach.**